Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Iúil 2024**
**(OR. en)**

**12138/24**

**ECOFIN 852**
**UEM 243**
**SOC 571**
**EMPL 367**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 16 Iúil 2024 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11927/24 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le grinn-athbhreithnithe 2024 faoin nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha<br>– Conclúidí ón gComhairle (an 16 Iúil 2024) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le grinn-athbhreithnithe 2024 faoin nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, arna bhformheas ag an gComhairle ag an 4042ú cruinniú a bhí aici an 16 Iúil 2024.

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE GRINN-ATHBHREITHNITHE 2024 FAOIN NÓS IMEACHTA UM MÍCHOTHROMAÍOCHTAÍ MAICREACNAMAÍOCHA**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go dtiocfaidh méadú de réir a chéile ar fhás eacnamaíoch an Aontais tar éis an mhoillithe in 2023, cé go dtarlóidh sé sin ar luas míchothrom ar fud na mBallstát. LEAGANN SÍ BÉIM ar an bhfostaíocht láidir agus an fás san fhíorphá san Aontas, de réir mar a tháinig maolú ar an mbrú boilscitheach, a d'eascair as an titim i bpraghsanna fuinnimh. MEABHRAÍONN SÍ go raibh na coinníollacha airgeadais níos doichte le 2 bhliain anuas agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil feabhas ag teacht de réir a chéile ar dhálaí creidmheasa. LEAGANN SÍ BÉIM ar an leibhéal ard éiginnteachta leanúnaí maidir leis an ionchas domhanda i gcomhthéacs chogadh foghach leanúnach na Rúise ar an Úcráin, an staid thubaisteach sa Mheánoirthear agus an teannas geopholaitiúil atá ag dul i méid a fhágann go mbíonn margaí domhanda trádála agus fuinnimh i mbaol suaití, in ainneoin an dul chun cinn atá déanta chun slándáil agus athléimneacht fuinnimh a bhaint amach san Aontas.

2. Sa chomhthéacs sin, LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé dlúthfhaireachán a dhéanamh agus gníomhaíocht bheartais ábhartha a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí maicreacnamaíocha. MEASANN SÍ gurb ionann na grinn-athbhreithnithe a rinneadh in 2024 agus anailís chuimsitheach ardchaighdeáin ar an staid i ngach Ballstát faoi athbhreithniú. IS DÍOL SÁSAIMH DI foilsiú luath na hanailíse ón gCoimisiún ar ghrinn-athbhreithnithe 2024 faoin nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha.

3. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil an brú ar iomaíochas costais agus praghsanna ag laghdú, agus go bhfuil dinimicí éagsúla ann ar fud na mBallstát. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an riosca a bhaineann le brúnna láidre ar phá agus ar bhrabúis cuideachtaí, ar brúnna iad a mhaireann níos faide agus nach bhfuil fréamhaithe i dtáirgiúlacht mhéadaithe. IARRANN SÍ go ndéanfaí gníomhaíocht bheartais go pras, lena n-áirítear feabhas a chur ar fheidhmiú na margaí, chun caillteanais iomaíochais a sheachaint agus chun borradh a chur faoin bhfás táirgiúlachta.

4. AITHNÍONN SÍ gur neartaíodh cuntais reatha le praghsanna fuinnimh níos ísle, ach go bhfuil easnaimh mhóra i gcuntais reatha i gcónaí. TÚGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil barrachais mhóra sa chuntas reatha i gcuid de na Ballstáit i gcónaí, agus d'fhéadfadh sin a bheith ábhartha ó thaobh cúrsaí trasteorann de.

5. AITHNÍONN SÍ gur tháinig feabhas breise ar fhormhór na staideanna glana infheistíochta idirnáisiúnta diúltacha in 2023. AITHNÍONN SÍ go bhféadfadh fás ainmniúil OTI níos ísle agus marthanacht na riachtanas suntasach iasachtaíochta seachtraí a bheith ina mbac ar thuilleadh feabhais a chur ar staideanna glana infheistíochta idirnáisiúnta i gcuid de na Ballstáit.

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil praghsanna tithe measartha nó tar éis titim i roinnt Ballstát, rud a d'fhág gur tháinig laghdú ar ró-luacháil na margaí tithíochta. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, ag an am céanna, gur lean praghsanna tithe de bheith ag fás go láidir i gcuid de na Ballstáit eile. AITHNÍONN SÍ gur dócha go maolóidh coinníollacha diana leanúnacha maoiniúcháin an t-éileamh agus na praghsanna.

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil laghdú tagtha ar mhíchothromaíochtaí seanbhunaithe a bhaineann le fiacha arda poiblí, príobháideacha agus seachtracha i roinnt Ballstát. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur gá faireachán cuí a dhéanamh ar na rátaí arda úis i dtéarmaí na n-éifeachtaí atá acu ar an airgeadas poiblí, áit a bhfuil cóimheasa arda fiachais phoiblí ann atá á ngéarú mar gheall ar an moilliú ar an acmhainneacht fáis, aosú an daonra agus an éiginnteacht dhomhanda atá ag cur isteach go mór ar an ionchas eacnamaíoch. AONTAÍONN SÍ gur cheart tacú le laghdú fiachais sa mheántéarma tríd an bhfás eacnamaíoch ionchasach a neartú, lena n-áirítear trí athchóirithe struchtúracha a chur chun feidhme go héifeachtach, mar chuid de na pleananna téarnaimh agus athléimneachta, cuir i gcás, agus tríd an gcreat rialachais eacnamaíoch athchóirithe a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

8. CUIREANN SÍ I bhFIOS go bhfuil an earnáil baincéireachta athléimneach i gcónaí agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur chuidigh brabúsacht mhéadaithe na mbanc lena gcóimheasa caipitil a neartú a thuilleadh. CUIREANN SÍ I bhFIOS go raibh iasachtaí neamhthuillmheacha ag titim i gcónaí. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil gá le forairdeall leanúnach chun cobhsaíocht macrairgeadais leanúnach a áirithiú.

9. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a ríthábhachtaí atá an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha laistigh den Seimeastar Eorpach. TUGANN SÍ DÁ hAIRE nach bhfuil aon athrú ar Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 lena ndírítear ar (a) míchothromaíochtaí inmheánacha, na míchothromaíochtaí sin a d'fhéadfadh eascairt as féichiúnas poiblí agus príobháideach, cuir i gcás; forbairtí sa mhargadh airgeadais agus sa mhargadh sócmhainní, lena n-áirítear tithíocht; éabhlóid an tsreabhaidh creidmheasa san earnáil phríobháideach; agus éabhlóid na dífhostaíochta; (b) míchothromaíochtaí seachtracha, lena n-áirítear na míchothromaíochtaí sin ar féidir leo eascairt as éabhlóid staideanna cuntais reatha agus staideanna glana infheistíochta Ballstát; fíor-rátaí malairte éifeachtacha; sciartha den mhargadh onnmhairíochta; athruithe ar fhorbairtí maidir le praghas agus le costas; agus iomaíochas neamhphraghais, agus aird á tabhairt ar na comhchodanna éagsúla den táirgiúlacht. TUGANN SÍ DA hAIRE, ar an iomlán, gur bhain an Coimisiún úsáid as uirlisí ábhartha anailíseacha, arna gcomhlánú le hanailís shubstainteach cháilíochtúil, i bhfianaise na ndúshlán sonrach a ghabhann le gach geilleagar. IS DÍOL SÁSAIMH DI an tábhacht mhéadaithe a bhaineann le hanailís réamhbhreathnaitheach agus measúnú ar bheartais ábhartha, agus tromchúis na míchothromaíochtaí á cur san áireamh freisin. IARRANN SÍ go ndéanfaí gné an Aontais agus an limistéir euro den nós imeachta a fheabhsú a thuilleadh. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil measúnú ar éifeachtaí iarmharta trastíre an-ábhartha i gcónaí.

10. IARRANN SÍ go leanfaí den nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chur chun feidhme agus go ndéanfaí anailís chuimsitheach ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha atá ann cheana agus a d'fhéadfadh a bheith ann. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an soiléiriú ón gCoimisiún ar róil faoi seach an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha agus an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis gur cheart an Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis a mheas mar an meán iomchuí le haghaidh faireachais, ach i gcás ina bhfuil rioscaí maicreacnamaíocha níos leithne ann, sa bhreis ar rioscaí fioscacha, gurb é an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha an uirlis iomchuí i gcónaí chun faireachas faoin gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis a chomhlánú. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá comhthuiscint a áirithiú ar an gcur chuige maidir le measúnú agus aicmiú na míchothromaíochtaí agus LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá an trédhearcacht agus an t-idirphlé agus míchothromaíochtaí á measúnú.

11. TUGANN SÍ DÁ hAIRE nach bhfuil míchothromaíochtaí ann a thuilleadh sa Fhrainc, sa Phortaingéil ná sa Spáinn i gcomhthéacs an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha. AITHNÍONN SÍ gur chuidigh gníomhaíocht bheartais sa Fhrainc le leochaileachtaí a bhaineann le hiomaíochas agus le fás íseal táirgiúlachta a laghdú. AITHNÍONN SÍ gur gá leanúint de na hiarrachtaí beartais, cé go bhfuil leochaileachtaí a bhaineann le fiachas poiblí ard ann i gcónaí agus go leanfar d’fhaireachán a dhéanamh orthu faoi chreat rialachais eacnamaíoch athbhreithnithe an Aontais. AITHNÍONN SÍ go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ag an bPortaingéil maidir le leochaileachtaí a bhaineann le fiachas ard príobháideach, rialtais agus seachtrach a laghdú, a bhfuiltear ag dréim leis go leanfaidh siad de bheith ag cúlú. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ag an Spáinn maidir le leochaileachtaí a laghdú, ar leochaileachtaí iad a bhaineann le fiachas ard príobháideach agus seachtrach, agus go bhfuil laghdú tagtha ar fhiachas rialtais.

12. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil míchothromaíochtaí sa tSlóvaic. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, in ainneoin roinnt feabhsuithe a rinneadh le déanaí, go bhfuil na leochaileachtaí a bhaineann le hiomaíochas costais, comhardú seachtrach, an margadh tithíochta agus fiachas teaghlaigh ann fós sa tSlóvaic, rud a éilíonn tuilleadh gníomhaíochta beartais.

13. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil míchothromaíochtaí ann fós sa Chipir, sa Ghearmáin, san Ungáir, san Ísiltír agus sa tSualainn.

14. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil míchothromaíochtaí sa Ghréig agus san Iodáil tar éis gur sainaithníodh go raibh míchothromaíochtaí iomarcacha iontu in 2023. AITHNÍONN SÍ go bhfuil leochaileachtaí a bhaineann le fiachas ard rialtais agus iasachtaí móra neamhthuillmheacha ábhartha i gcónaí sa Ghréig i gcomhthéacs an ráta dífhostaíochta aird ach go bhfuil cúlú suntasach tagtha orthu agus go bhfuiltear ag dréim leis go dtiocfaidh cúlú breise orthu, ach go bhfuil an staid sheachtrach lag i gcónaí. AITHNÍONN SÍ go bhfuil leochaileachtaí ann i gcónaí a bhaineann le fiachas ard rialtais agus fás lag ar an táirgiúlacht san Iodáil, i gcomhthéacs leochaileachtaí i margadh an tsaothair agus roinnt laigí iarmharacha san earnáil airgeadais, a bhfuil ábharthacht trasteorann ag baint leo. AITHNÍONN SÍ ról na mbeartas maidir le dul i ngleic leis na leochaileachtaí, lena n-áirítear gníomhaíochtaí faoi na pleananna téarnaimh agus athléimneachta.

15. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil míchothromaíochtaí iomarcacha sa Rómáin, cé gur sainaithníodh go raibh míchothromaíochtaí inti in 2023. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur tháinig laghdú anuraidh ar leochaileachtaí a bhaineann le cuntais sheachtracha sa Rómáin, a bhaineann go príomha le heasnaimh mhóra rialtais atá ag dul i méid, ach go bhfuil ann i gcónaí, cé go bhfuil méadú tagtha ar bhrúnna suntasacha praghsanna agus costais, agus nach leor gníomhaíocht bheartais.

16. IARRANN SÍ go ndéanfaí an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chur i bhfeidhm go hiomlán, lena n-áirítear gníomhachtú an nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha, i gcás inarb iomchuí. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go leanfar de ghníomhaíocht mhear bheartais chun aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, lena n-áirítear i gcomhthéacs chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta agus na moltaí tírshonracha faoin Seimeastar Eorpach. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá nasc láidir soiléir idir na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a shainaithnítear agus na moltaí tírshonracha.